



NCCA

An Chomhairle Náisiúnta
Curacláim agus Measúnachta
National Council for
Curriculum and Assessment

Tuarascáil ar an gcomhairliúchán ar an dréachtsonraíocht do Dhrámaíocht, Amharclannaíocht agus Scannánaíocht na hArdteistiméireachta

Meitheamh 2024

An Clár Ábhar

RÉAMHRÁ	1
CUID 1: AN PRÓISEAS COMHAIRLIÚCHÁIN	3
Cur chuige modheolaíoch	3
Freagraí ar an gcomhairliúchán.....	4
CUID 2: AISEOLAS ÓN GCOMHAIRLIÚCHÁN	5
Tuairimí ginearálta faoin tsonraíocht	5
A shoiléire agus a inbhainistithe atá an fhoghlaim a leagtar amach laistigh den dréachtsonraíocht	6
Cineál agus Ról na Punainne	8
Réimsí Sonraithe na Foghlama.....	9
Comhpháirt Mheasúnaithe Bhreise	11
Forbairt Ghairmiúil Leanúnach agus Acmhainní a Chur ar Fáil	12
Aon rud eile is mian leat a lua.....	13
CUID 3: ÚDAIR MHACHNAIMH AGUS TÁTAL	14
Údair Mhachnaimh	14
Tátal	14
TAGAIRTÍ	15
AGUISÍN A HAON: LIOSTA NA RANNPHÁIRTITHE	16

Réamhrá

Foilsíodh An tAthbhreithniú ar an tSraith Shinsearach: an Tuarascáil Chomhairleach (CNCM 2022) i mí an Mhárta 2022 i ndiaidh na freagartha ón Aire Oideachais, Norma Foley, TD. I measc na ngníomhartha a dtugtar breac-chuntas orthu sa Tuarascáil Chomhairleach, tá athbhreithniú ar chomhpháirteanna den churaclam atá ann cheana – ábhair, modúil agus cláir. I mí an Mhárta 2022, d'iarr an tAire Oideachais ar CNCM tabhairt faoi shraith gníomhartha chun tacú lena fíis maidir le sraith shinsearach athfhorbartha a chur i gcrích mar a leagadh amach in [Cothromas agus Sármhaitheas do Chách](#) (An Roinn Oideachais, 2022). Príomhghníomh amháin a leagadh amach sa phlean seo ná go n-ullmhófaí sceideal d'ábhair agus modúil na sraithe sinsearaí lena n-athfhorbairt agus go gcuirfí faoi bhráid an Aire é lena fhaomhadh.

D'ullmhaigh CNCM sceideal ábhar le hathbhreithniú ina dhiaidh sin, agus eagraíodh na hábhair sin i roinnt tráinsí. Cuirfear athfhorbairt ábhair Thráinse 1 i gcrích in 2024 lena dtabhairt isteach sna scoileanna in 2025. Cuimsítear forbairt na sonraíochta le haghaidh Dhrámaíocht, Amharclannaíocht agus Scannánaíocht na hArdteistiméireachta i dTráinse 1.

Cuireadh an dréachtsonraíocht do Dhrámaíocht, Amharclannaíocht agus Scannánaíocht na hArdteistiméireachta ar fáil le haghaidh comhairliúcháin poiblí náisiúnta ón 2 Feabhra go dtí an 5 Aibreán 2024. Ba é aidhm an chomhairliúcháin seo tuairimí oscailte agus macánta an phobail a lorg maidir leis an gcuraclam agus socruithe measúnaithe sa dréachtsonraíocht nua do Dhrámaíocht, Amharclannaíocht agus Scannánaíocht na hArdteistiméireachta. Ba iad seo a leanas na príomhréimsí fócais laistigh den chomhairliúchán:

- Réasúnaíocht, Aidhmeanna agus Príomhinniúlachtaí
- Snáitheanna agus Torthaí Foghlama – soiléireacht agus comhleanúnachas
- Réimsí Sonraithe na Foghlama
- Comhpháirt Mheasúnaithe Bhreise
- Tacaíochtaí a bhfuil gá leo do chur i bhfeidhm rathúil.

Léiríonn na freagraí a tugadh sa chomhairliúchán go bhfuil dearcadh an-dearfach ann i leith na sonraíochta ar an iomlán. Chuir beagnach gach rannpháirtí in iúl go raibh sceitimíní orthu agus go raibh siad ag tnúth leis an ábhar nua seo a thabhairt isteach, agus bhí fonn orthu a bheith páirteach ann, i gcáil éigin. Cuireadh fáilte mhór roimh an gcur chuige an-phraiticiúil agus feidhmeach a glacadh i leith na sonraíochta, agus tugadh tacaíocht láidir do chuimsiú na dTascanna Cruthaitheacha Feidhmeacha (TCFanna). Cé go raibh múinteoirí den tuairim láidir gur bealach an-úsáideach a bheadh ann le scileanna praiticiúla agus taibhithe a mhúineadh, chomh maith leis na príonsabail atá mar bhonn faoin drámaíocht, scannánaíocht agus amharclannaíocht, tugadh ardú meanman do na scoláirí leis an smaoineamh nach mbeidís ina suí taobh thiar de bhoird an t-am uile, agus go mbeidís “ag foghlaim conas” agus ní hamháin “ag foghlaim faoi” i gcás scannánaíocht agus amharclannaíocht a dhéanamh. Iarradh soiléiriú breise ar an ngaol idir TCFanna agus an Chomhpháirt Mheasúnaithe Bhreise (CMB) agus, cé gur chuir siad fáilte roimh chuimsiú réimsí sonraithe na foghlama ar an mórgóir, bhí imní láidir ar a bhformhór maidir leis an easpa rogha sa réimse seo.

Cuireadh fáilte roimh an mbuntáiste a d'fhéadfadh a bheith ag Comhpháirt Mheasúnaithe Bhreise (CMB) freisin, mar aon leis an ualú 50%, cé gur luaigh roinnt rannpháirtithe gur cheart go mbeadh luach ní ba mhó ag baint léi. Go sonrach, chonacthas go raibh an cur chuige praiticiúil agus comhoibríoch i leith CMB an-oiriúnach do chineál an ábhair atá bunaithe ar na healaíona.

Chuir formhór na rannpháirtithe fáilte roimh an riachtanas don scoláire freastal ar thaibhiú amharclainne beo amháin agus ar thaispeáint scannáin amháin ar a laghad, toisc gur measadh go bhfuil sé ina chuid lárnach den phróiseas foghlama freastal ar imeachtaí atá bunaithe ar na healaíona. Chuir múinteoirí agus scoláirí, go háirithe, fáilte roimh an gcaoi a bhféadfadh scoileanna a dtaibhiú/dtaispeáint beo féin a roghnú toisc go gcuirfeadh sé sin ar chumas na scoláirí agus na múinteoirí rogha agus guth a bheith acu. Ina theannta sin, tarraingíodh ábhair imní anuas faoi na dúshláin a bhaineann le hacmhainní a chur ar fáil le go mbeadh na scoláirí in ann freastal ar na taibhithe sin.

Tabharfar níos mó eolais ar ghnéithe an aiseolais ghinearálta sin sna codanna seo a leanas den tuairisc. Tugtar achoimre i gCuid a hAon ar an bpróiseas comhairliúcháin. Tugtar léargas i gCuid a Dó ar an aiseolas ón gcomhairliúchán agus tá na príomhúdair mhachnaimh agus tátail le fáil i gCuid a Trí.

Cuid 1: An Próiseas Comhairliúcháin

Is príomhghné de chuid obair CNCM é comhairliúchán, ina n-imríonn an t-aiseolas ón bpobal, scoileanna, suíomhanna, grúpaí sainleasa oideachais agus páirtithe eile tionchar ar chomhairle (CNCM, 2022). Sa chuid seo a leanas, tá cur síos ar an gcur chuige modheolaíochta a úsáideadh le linn an chomhairliúcháin a bhfuil na prionsabail a leagadh síos i Straitéis Taighde (2023) CNCM mar bhunús leis agus tugtar achoimre ann ar an rannpháirtíocht le linn an chomhairliúcháin.

Cur chuige modheolaíoch

Bhí roinnt modhanna rannpháirtíochta i gceist leis an gcomhairliúchán naoi seachtaine chun athbhreithniú a dhéanamh ar an Drámaíocht, Amharclannaíocht agus Scannánaíocht:

- Suirbhé ar líne
- Aighneachtaí ar líne
- Réimse d'fhócasghrúpaí scoilbhunaithe chun léargais a fháil ó scoláirí, ó thuismitheoirí, ó mhúinteoirí agus ó cheannairí scoile.
- Imeacht comhairliúcháin phoiblí.

Baineadh úsáid as cur chuige féinroghnaithe samplála le haghaidh an tsuirbhé ar líne, aighneachtaí ar líne, agus freastal ar an imeacht comhairliúcháin phoiblí. Ó thaobh na bhfócasghrúpaí scoilbhunaithe de, roghnaíodh sampla ionadaíoch ón 28 scoil a léirigh spéis i bpáirt a ghlacadh i bhforbairtí ar churaclam Dhrámaíocht, Amharclannaíocht agus Scannánaíocht na hArdteistiméireachta. Roghnaíodh na hocht scoil trí úsáid a bhaint as critéir a bhaineann le stádas DEIS, inscne, méid na scoile, agus an cineál scoile. Bhí na cuairteanna ar na scoileanna sin ar siúl idir mí Feabhra agus mí an Mhárta 2024 agus cuimsíodh leo cruinnithe fócasghrúpa le scoláirí agus múinteoirí a raibh spéis acu sa Drámaíocht, Amharclannaíocht agus Scannánaíocht agus le ceannairí scoile, mar a léirítear i dTábla 1. Thoiligh scoláirí a bhí 18 mbliana d'aois nó níos sine páirt a ghlacadh sna fócasghrúpaí, agus lorgaíodh toiliú tuismitheora agus aontú scoláirí do rannpháirtithe i gcuairteanna ar scoileanna a bhí faoi bhun 18 mbliana d'aois.

Rinneadh taifeadadh scríofa ar na seisiúin phlé ar fad le linn fócasghrúpaí agus cuairteanna scoile. Rinneadh na sonraí a bailíodh trí na fócasghrúpaí agus cuairteanna scoile a anaithnidiú, agus coinníodh na sonraí ar fad ón gcomhairliúchán mar chomhaid dhigiteacha de réir Bheartas Cosanta Sonraí CNCM (2023). Cinntíodh príobháideacht na rannpháirtithe ar fad tríd an anaithnidiú, ach amháin sa chás gur thug eagraíocht cead soiléir í a aithint i gcomhthéacs eagraíochtaí a bhí rannpháirteach sa chomhairliúchán.

Baineadh úsáid as cur chuige téamach chun anailísiú a dhéanamh ar aiseolas agus bhí sé frámaithe ag téamaí teoraithe an chomhairliúcháin. Chabhraigh sé sin leis na téamaí sna sonraí a bailíodh a aithint agus anailís a dhéanamh orthu. Cuirtear an t-aiseolas ar an gcomhairliúchán i láthair i gCuid a Dó den tuarascáil seo.

Freagraí ar an gcomhairliúchán

Bailíodh na freagraí ar fud na modhanna éagsúla rannpháirtíochta lenar cuireadh deiseanna líonmhara ar fáil le haghaidh rannpháirtíocht an phobail. Tugtar léargas i dTábla a hAon thíos ar leibhéil rannpháirtíochta ar fud an chomhairliúcháin.

Modh comhairliúcháin	Forbhreathnú ar na rannpháirtithe	Líon
Suirbhé ar líne	Múinteoirí, scoláirí, oideoirí tríú leibhéal, tuismitheoirí/caomhnóirí, múinteoirí drámaíochta neamhspleácha, gairmithe ealaíon agus tionscail	60
Aighneachtaí ar líne	Múinteoirí, oideoirí tríú leibhéal, múinteoirí drámaíochta neamhspleácha, gairmithe ealaíon agus tioncail, taighdeoirí, ENRanna, páirtithe eile (nach sonraítear)	28
Cuartheanna scoile	Múinteoirí a bhfuil spéis acu an t-ábhar a mhúineadh, scoláirí ón 2ú go dtí an 6ú bliain a bhfuil spéis acu san ábhar, ceannairí scoile	8 scoil 66 scoláire 33 múinteoir 13 cheannaire scoile
Seisiúin réigiúnacha fócasghrúpa ar líne	Múinteoirí, oideoirí tríú leibhéal, gairmithe ealaíon agus tionscail, comhlachtaí comhairleacha rialtais agus gníomhaireachtaí rialtais	24

Tábla 1: Leibhéil rannpháirtíochta ar fud an chomhairliúcháin

Déantar iniúchadh sa chéad chuid eile ar an aiseolas a bailíodh i rith an chomhairliúcháin ar fud na modhanna éagsúla comhairliúcháin.

Cuid 2: Aiseolas ón gchomhairliúchán

Sa chuid seo tá léargas ar an aiseolas a fuarthas le linn an chomhairliúcháin. Rinneadh an t-aiseolas a ghrúpáil sna réimsí seo a leanas:

- Tuairimí ginearálta faoin dréachtsonraíocht
- A inbhainistithe atá an fhoghlaim a leagtar amach laistigh den dréachtsonraíocht
- Cineál agus ról na punainne
- Réimsí sonraithe na foghlama
- Comhpháirt Mheasúnaithe Bhreise
- Forbairt Ghairmiúil Leanúnach agus acmhainní a chur ar fáil

Cuirtear réimsí eile i láthair sa chuid seo den tuarascáil freisin nár glacadh comhairle maidir leo ar bhonn díreach, ach a shíl an dream a bhí páirteach sa chomhairliúchán a bheith ábhartha d'fhorbairt Dhrámaíocht, Amharclannaíocht agus Scannánaíocht na hArdteistiméireachta.

Tuairimí ginearálta faoin tsonraíocht

Fuarthas léargas ón ngné seo den chomhairliúchán ar Réasúnaíocht, Aidhmeanna agus Príomhinniúlachtaí i nDrámaíocht, Amharclannaíocht agus Scannánaíocht na hArdteistiméireacht.

Réasúnaíocht agus Aidhmeanna

Measadh go raibh an réasúnaíocht oiriúnach don ábhar seo. Luaigh na rannpháirtithe gur leagadh uailmhian don ábhar amach go soiléir inti a fhágann go mbeadh sé tarraingteach don scoláire. Measadh gur léiriú láidir é ar chineál cruthaitheach an ábhair agus ar na bealaí atriallacha oibre i saol na n-ealaíon. Measadh freisin go raibh fócas feidhmeach an ábhair an-oiriúnach do chineál na drámaíochta, na hamharclannaíochta agus na scannánaíochta.

Cuirimid fáilte roimh thabhairt isteach agus uailmhian uileghabhálach an ábhair seo, toisc go gcomhlíonann sé riachtanas in oideachas na sraithe sinsearaí in Éirinn agus go mbainfidh sé leas as láidreachtaí roinnt mhaith scoláirí a bhfuil spéis acu i ndrámaíocht, scannánaíocht agus amharclannaíocht. Tá an réasúnaíocht soiléir agus uilechuimsitheach maidir le luach na deise seo do na scoláirí sin. (Aighneacht ar líne)

Dearbhaíodh na hAidhmeanna sonraithe don ábhar agus measadh go raibh siad dearfach agus oiriúnach don ábhar ag an aois seo agus ag an gcéim seo den fhoghlaim, agus gur ghabh siad na téamaí is tábhachtaí sa tsonraíocht agus i Léann Drámaíochta, Scannánaíochta agus Amharclannaíochta na hArdteistiméireachta ar bhonn níos ginearálta.

Chuir na rannpháirtithe uile fáilte roimh fhócas thar a bheith praiticiúil na sonraíochta, mar a chuirtear in iúl sa Réasúnaíocht agus sna hAidhmeanna araon, mar aon leis an bhfócas ar fhorbairt réimse inniúlachtaí is ábhartha d'ábhair atá bunaithe ar na healaíona. Bhí roinnt moltaí ann go ndéanfaí athbhreithniú ar an teanga a úsáidtear d'fhonn cur leis an bhfócas ar thaibhiú agus chuir

roinnt rannpháirtithe in iúl gur mhaith leo tagairt shonrach do thionscail scannánaíochta agus amharclannaíochta na hÉireann a fheiceáil.

Príomhinniúlachtaí i Léann Drámaíochta, na Scannán agus na hAmharclannaíochta de chuid na hArdteistiméireachta

Thug na rannpháirtithe sa chomhairliúchán dá n-aire acmhainn na foghlama a leagtar amach sa dréachtsonraíocht chun réimse príomhinniúlachtaí scoláire a chothú, lena n-áirítear A bheith Cruthaitheach; Folláine a Chothú; Smaointeoireacht agus Fadhbanna a Réiteach; agus Foghlaim a Bhainistiú.

Is léir go ndearna machnamh maith ar Phríomhinniúlachtaí na Sraithe Sinsearaí san ábhar nua seo agus feicim go mbainfear amach iad ar fad trí rannpháirtíocht éifeachtach leis an gcúrsa. (Aighneacht ar líne)

Bhí roinnt rannpháirtithe den tuairim go bhféadfaí níos mó béime a chur ar scileanna eagrúcháin agus ar fhéinsmacht toisc gur bunriachtanais scile iad sin laistigh de na tionscail chruthaitheacha, agus mheas daoine eile acu go raibh sé sin ní b'oiriúnaí mar chur chuige oideolaíochta agus nár cheart go mbeadh sé i measc na dtorthaí foghlama sonracha.

A shoiléire agus a inbhainistithe atá an fhoghlaim a leagtar amach laistigh den dréachtsonraíocht

Ar an mórgóir, bhí na rannpháirtithe den tuairim go bhfuil struchtúr na sonraíochta an-soiléir agus inbhainistithe, agus go gcuireann sí ar chumas an scoláire foghlaim faoin gcaoi a ndéantar amharclannaíocht agus scannánaíocht agus trí bhithin na ngníomhaíochtaí sin freisin.

Is aoibhinn liom na snáitheanna. Tá siad fíorchruthaitheach agus fíorchomhoibríoch. (Ceannaire scoile, fócasghrúpa scoile)

Ina theannta sin, measadh go raibh an gaol foriomlán idir na trí shnáithe oiriúnach, toisc go mbaintear amach an fhoghlaim phraiticiúil i snáithe 3 ach dul i ngleic leis na torthaí foghlama sa dá shnáithe eile.

Snáitheanna 1 agus 2 (Próiseas Cruthaitheach agus Próiseas na Freagartha Criticiúla)

Cuireadh fáilte roimh theanga na snáitheanna ar an mórgóir, agus measadh go raibh an Próiseas Cruthaitheach agus Próiseas na Freagartha Criticiúla an-dearfach.

...léiríonn an fócas ar chomhoibriú mar phríomhghné den phróiseas cruthaitheach cineál comhoibríoch thionscal na n-ealaíon agus ullmhaíonn sé an scoláire le scileanna sóisialta agus gairmiúla dá ghairm amach anseo. (Aighneacht ar líne)

Glacadh go han-dearfach leis na torthaí foghlama sa chéad dá shnáithe, agus chuir roinnt mhaith rannpháirtithe an tuairim in iúl go gcuireann na snáitheanna seo deis ar fáil don scoláire chun dul i

ngleic le próiseas atriallach foghlama faoi na disciplíní éagsúla le linn dóibh a bheith ag déanamh na ndisciplíní céanna.

Tá na torthaí foghlama mionsonraithe agus cuirtear in iúl go maith iad, agus clúdaíonn siad réimse leathan inniúlachtaí. Mar shampla, torthaí ar nós PC1a (smaointe a ghiniúint do thionscadail chruthaitheacha) agus PC2g (timpeallacht foghlama chomhoibríoch eiticiúil chruthaitheach a fhorbairt), léiríonn siad tiomantas na sonraíochta do ghnéithe cruthaitheacha agus comhoibríocha na n-ealaíon araon. Cinntíonn an chothromaíocht idir na colúin “beidh an scoláire in ann” agus “foghlaimeoidh an scoláire faoi” eispéireas foghlama cuimsitheach a chuimsíonn scileanna praiticiúla agus eolas teoiriciúil araon. (Aighneacht ar líne)

Cé gur cuireadh fáilte roimh chuimsiú na dtorthaí foghlama lena ndírítear ar úsáid scileanna taibhithe ar an mórgóir, cuireadh inní in iúl gur braitheadh go raibh gnéithe áirithe den disciplín seo in easnamh ar an tsonraíocht, ar nós aisteoireachta, taibhiú, ceolamharclannaíochta agus scileanna teicniúla. Chuir roinnt mhaith rannpháirtithe an tuairim in iúl go neartófaí an tsonraíocht ach torthaí foghlama a thagraíonn go follasach do mhúineadh scileanna taibhithe agus teicniúla a chuimsiú, agus go bhféadfaí iad sin a ionchorprú mar bhunscileanna, cosúil leis na bunchlocha faoin bhfreagairt chriticiúil i snáithe 2.

Go sonrach, ní raibh mórán i bhfách le húsáid an téarma “cuir i láthair” ach oiread toisc gur measadh gur bhain sé an iomarca le rud a chur i láthair, seachas rud a thaibhiú nó a léiriú.

Cén fáth nach gcuimsítear taibhiú anseo, go háirithe agus drámaíocht/amharclannaíocht á bplé? Agus cad is brí le cur i láthair? An PowerPoint atá i gceist? Cén chaoi a gcuirfidh na scoláirí a gcuid oibre i láthair – más tasc bunaithe ar dhráma é, nach léireoidís os comhair ‘lucht féachana’ é, .i. múinteoir/rang? (Suirbhé ar líne)

Thairis sin, luaigh roinnt rannpháirtithe nach raibh toradh foghlama ann a thagraíonn do theagasc agus foghlaim fhollasach bhunteanga na scannánaíochta, agus moladh go bhféadfaí é sin a chuimsiú i Snáithe 2, Próiseas na Freagartha Criticiúla.

Ina theannta sin, b’ábhar inní é machnamh a chuimsiú laistigh den phróiseas cruthaitheach agus freagartha criticiúla do roinnt rannpháirtithe, a bhí den tuairim go leagtar róbhéim ar an ngné sin sa dá shnáithe seo, go háirithe i bhfianaise a háite i lár an dá phróiseas. Dá bhrí sin, moladh go ndéanfaí athbhreithniú ar ról an mhachnaimh agus ar an gcaoi a cuirtear in iúl é laistigh de na snáitheanna.

An iomarca béime ar mhachnamh/meastóireacht – cén fáth nach ndíreofaí ar an rud a dhéanamh/scileanna agus eolas a fhorbairt. (Suirbhé ar líne)

Tascanna Cruthaitheacha Feidhmeacha i Snáithe 3

Ba fhreagra an-díograiseach a bhí ag beagnach na rannpháirtithe uile ar chuimsiú na dTascanna Cruthaitheacha Feidhmeacha (TCFanna), toisc gur measadh gur bhealach an-phraiticiúil é don scoláire le foghlaim faoi iarrachtaí cruthaitheacha agus trí bhíthin na n-iarrachtaí céanna.

...dearadh an curaclam do Dhrámaíocht, Amharclannaíocht agus Scannánaíocht na hArdteistiméireachta ar bhealach machnamhach le go mbeadh sé láraithe ar an scoláire agus dírithe ar chleachtas araon, agus sílim féin go bhfuil sé sin fóirhairbheach. Is é an bhéim ar thaithí phraiticiúil trí Thascanna Cruthaitheacha Feidhmeacha (TCFanna) a chomhtháthú a sheasann amach mar mhodh éifeachtach chun an fhoghlaim a leabú i gcomhthéacsanna fíorshaoil. Ní hamháin go gcuireann sé sin borradh faoi rannpháirtíocht agus tuiscint i measc na scoláirí ach léiríonn sé go cruinn na próisis a bhaineann do thionscal na n-ealaíon. Ach TCFanna a úsáid chun scoláirí a chur i ngleic le próisis chriticiúla agus chruthaitheacha, ailíníonn an curaclam go foirfe leis na cuspóirí a bhaineann le smaointeoireacht chriticiúil, cruthaitheacht agus scileanna praiticiúla a chothú. (Aighneacht ar líne)

Mheas formhór na rannpháirtithe go raibh líon na dtascanna (trí cinn) an-dearfach, agus dúirt cuid acu go dtugann sé deis do scoláirí chun obair a chruthú i gcomhpháirt, i dtimpeallacht nach bhfuil brú rómhór léi, agus foghlaim ón bpróiseas sin. Bhí roinnt mhaith acu den tuairim go spreagfaidh sé sin timpeallacht seomra ranga atá bríomhar agus tarraingteach agus go n-oibreoidh sé go maith sa seomra ranga agus mar bhealach chun teagasc agus foghlaim a dhéanamh.

Tarraingíodh roinnt ceisteanna anuas faoin gcaidreamh idir na TCFanna agus an CMB, mar aon le roinnt iarratas go ndéanfaí é sin a shoiléiriú sa tsonraíocht. Ina theannta sin, bhí inné ar líon beag daoine, toisc nach ndéantar measúnú ar na TCFanna ná ar an bPunann, go bhféadfadh sé nach rachadh na scoláirí i ngleic leo mar is ceart.

An-seans go mbeidh easpa rannpháirtíocht ghníomhach ann sa phunann/sa phróiseas cleachtaidh ar deireadh ó tharla nach sanntar aon chomhpháirt mheasúnaithe shuimitheach do na Tascanna Cruthaitheacha Feidhmeacha. (Suirbhé ar líne)

Cineál agus Ról na Punainne

Ar an mórgóir, glacadh go han-dearfach le cuimsiú na punainne, agus luaigh roinnt mhaith rannpháirtithe na tairbhí a bhaineann léi; gur bealach maith é chun scoláirí a chur ag smaoineamh ar an bpróiseas cruthaitheach go háirithe; go gcuireann sí ar a gcumas cuntas a choinneáil ar a gcuid foghlama agus spreagann sí iad le dul i ngleic ar bhealach fiúntach leis an smaointeoireacht a bhaineann leis an gcaoi a ndéantar amharclannaíocht agus scannánaíocht.

Molaim go háirithe an bhéim ar mheasúnú foirmitheach leanúnach a éascaítear leis an bpunann. Tacaíonn sé le haiseolas agus coigeartuithe leanúnacha, rudaí atá ríthábhachtach sna próisis atriallacha agus shuibhachtúla is saintréithe den fhoghlaim sna hEalaíona. (Aighneacht ar líne)

Ní rabhthas ar aon tuairim faoi ról na punainne; cé gur chuir roinnt rannpháirtithe in iúl gur cheart go mbeadh sí ina cuid den ualú measúnaithe, bhí daoine eile sásta go bhfanadh sí ina cuid den spás foghlama. Bhí fonn láidir ar na rannpháirtithe go mbeadh tacaíocht ann i bhfoirm Treoirlínte Punainne maille le treoir shoiléir ar chuspóir na Punainne, an cineál ábhar a d'fhéadfaí a chuimsiú sa Phunann agus an chaoi a n-ailínítear leis na Tascanna Cruthaitheacha Feidhmeacha (TCFanna) agus leis an gComhpháirt Mheasúnaithe Bhreise í.

Cuireadh roinnt ábhair inní in iúl maidir le húsáid (agus ró-úsáid) an 'mhachnaimh', agus bhí inní ar roinnt daoine go dtiocfadh sé chun bheith ina chleachtadh 'bosca le ticeáil', mura ndéanfaí é a chomhtháthú ar bhealach fiúntach.

Is maith an smaoineamh í an phunann, dar liom... Is gné í a gcaithfidh siad dul i ngleic léi ar bhonn leanúnach i gcaitheamh an phróisis ach féadfaidh sí cur isteach ar dhul chun cinn nuair a chaithfidh tú stopadh chun píosa machnaimh a scríobh. Bhraithfinn go mb'fhéidir go gcuideodh taifeadtaí gutha den réasúnaíocht leis na scoláirí machnamh a dhéanamh i ngníomh agus mar sin ba mhaith liom go bhféadfaidís é sin a chur isteach ar bhealach ilmhódach. (Suirbhé ar líne)

Réimsí Sonraithe na Foghlama

Ar an mórgóir, glacadh go dearfach le cuimsiú scannán agus píosaí amharclannaíochta sonraithe le dul i ngleic leo, toisc gur chuir múinteoirí agus scoláirí in iúl go dtabharfadh sé fócas agus pointe tosaigh dóibh chun dul i ngleic le hobair cleachtóirí seanbhunaithe.

Is smaoineamh maith é bheith in ann an fhoghlaim a dhíriú ar scannán nó ar pháosa amharclainne. (Ceannaire scoile, fócasghrúpa)

Moladh gur mhór an chabhair é dá gcuimseofaí taibhithe taifeadta sa dráma sonraithe ionas nach mbeadh na scoláirí ag brath ar théacsanna scríofa. Thairis sin, thug roinnt rannpháirtithe dá n-aire go mbeadh an rogha scannán agus drámaí an-tábhachtach agus gur cheart a chur san áireamh go mbeadh fáil ar léiriúcháin amharclainne agus scannáin ag cleachtóirí Éireannacha agus i nGaeilge.

Tá sé tábhachtach go léireofaí ábhar ó dhrámaíocht agus amharclannaíocht na Gaeilge sa chúrsa nua. (Aighneacht ar líne)

Cé gur glacadh go maith le pointe fócais chun dul i ngleic le hobair cleachtóirí seanbhunaithe, cuireadh an tuairim in iúl i roinnt mhaith de na freagraí ar an gcomhairliúchán ar an gcuid seo go bhfuil easpa soiléireachta ann maidir le cineál agus formáid na rannpháirtíochta leis na saothair scannánaíochta agus amharclainne. Bhí na rannpháirtithe den tuairim freisin, d'ainneoin na tacaíochta ginearálta do dhréachtaí dualgais amharclannaíochta agus scannánaíochta, gur ábhar mór inní é an easpa rogha sa seánra dualgais agus sa téacs dualgais don scannánaíocht agus don drámaíocht.

Táim ag ceapadh go mbeadh éagsúlacht scannán agus drámaí dualgais tairbheach óir go bhfuil an réimse stíleanna difriúla róleathan le staidéar a dhéanamh ar rud éigin in aon téacs amháin don scannánaíocht agus don drámaíocht. Seans go mbeadh liosta roghanna a bheadh leagtha amach mar a dhéantar sa Bhéarla ní ba thairbhí agus seans go mba thairbhí a bheadh sé freisin staidéar a dhéanamh ar shleachta ó sheánraí éagsúla. D'fhéadfadh sé a bheith an-teoranta breathnú ar an scéal iomlán trí lionsa aon saothair dualgais amháin. (Suirbhé ar líne)

Cé go ndúirt roinnt rannpháirtithe go n-éileodh sé ar an scoláire dul i ngleic le scannáin nó drámaí, b'fhéidir nach bhfeicfidís murach sin, bhí faitíos ar dhaoine eile go gcuirfeadh an easpa rogha

teorainn le roghnú an ábhair, díograis na múinteoirí, gnóthachtáil na scoláirí, agus gur baolach go mbeadh easpa éagsúlachta ann.

*Ní hamháin go gcuireann aon dráma amháin agus aon scannán amháin srian le fairsinge an nochta do chineálacha scéalaíochta, seánraí, agus dearcthaí cultúrtha éagsúla, ach is baolach freisin go gcuirfí léargas cúng i láthair ar a meastar a bheith luachmhar nó ar fiú staidéar a dhéanamh air sna healaíona. D'fhéadfadh srian den sórt sin tús áite a thabhairt d'insintí áirithe thar cinn eile trí thimpiste, rud a d'fhéadfadh guthanna agus dearcthaí nach gcloistear an oiread sin a imeallú.
(Suirbhé ar líne)*

Comhpháirt Mheasúnaithe Bhreise

Ar an iomlán, ba dhearfach an t-aiseolas faoin gComhpháirt Mheasúnaithe Bhreise, agus thaitin sé le roinnt mhaith daoine gur measúnú an-phraiticiúil é a chuirfidh ar chumas an scoláire a chuid foghlama ó na Tascanna Cruthaitheacha Feidhmeacha, go háirithe, a chur i bhfeidhm.

Tá cuma an-spreagúil ar an gcomhpháirt An Chruthaitheacht i gCleachtas agus taitneoidh sé leis na scoláirí gur féidir í a chur i gcrích i gcomhpháirt ach go marcáiltear ar bhonn aonair í. Cuireann sí spás oscailte ar fáil freisin do ghuth an scoláire agus chun cumas gníomhúcháin a ghlacadh mar fhoghlaimoír. (Suirbhé ar líne)

Maidir le hualú agus cineál praiticiúil foriomlán an CMB, bhí roinnt mhaith de na rannpháirtithe den tuairim go raibh ualú 50% oiriúnach, cé gur chuir roinnt acu in iúl gur cheart go mbeadh luach ní ba mhó ag baint leis an gcomhpháirt phraiticiúil ná an scrúdú scríofa.

Taitníonn sé liom go dtugtar ualú 50% do ghnéithe praiticiúla. Tá súil agam agus creidim go bhfuil an coincheap oscailte go leor chun éagsúlacht i scileanna agus spéiseanna na scoláirí a chumasú. Ní mór acmhainn a bheith agat le go dtaispeánfadh aisteoir, stiúrthóir, scríbhneoir scripte, dearthóir seiteanna/éidí/prapaí/soilse a gcuid foghlama agus inniúlachtaí. (Suirbhé ar líne)

D'aithin roinnt rannpháirtithe go mbeidh sé dúshlánach measúnú a dhéanamh ar obair phraiticiúil agus chomhoibríoch. Luaigh roinnt mhaith acu dlínsí eile agus réimsí gaolmhara eile, cuir i gcás scrúduithe drámaíochta, ina ndéantar amhlaidh go rathúil.

Níl aon amhras ach gur dúshlán é measúnú a dhéanamh ar thaibhiú grúpa. Ach má bhíonn sraith mhaith rúibricí ann agus nuair is soiléir do gach duine faoina ról, tá sé éasca go leor i ndáiríre. Níl ann ach go mbeadh tuiscint shoiléir agat ar na critéir mheasúnaithe (Múinteoir, fócasgrúpa)

Bhí imní láidir ann freisin go raibh na tuairisceoirí cáilíochta don CMB ualaithe go trom i bhfabhar an mhachnaimh agus go mbeadh sé tábhachtach go gcuirfí luach ní ba mhó ar an taibhiú/léiriú deiridh. Bhí imní fhorleathan ann freisin faoin moladh go ndéanfadh na scoláirí a dtaibhiú drámaíochta a scannánú don CBM, in ionad scrúdaitheoir a bheadh ar cuairt chuig an scoil a bheith á mheasúnú beo, mar is amhlaidh i gcás ábhair eile atá bunaithe ar na healaíona.

Maidir le marcáil nó measúnú ar an saothar, is é ár bpríomhábhar imní ná an chaoi a ndéanfadh meastóirí nó measúnóirí saothar amharclannaíochta a mharcáil gan é a fheiceáil beo. Ní hionann taifeadadh digiteach, bíodh an cháilíocht ard fiú, agus saothar amharclannaíochta a fheiceáil beo. Is ar mhaithe le beocht a chuirtear dráma ar an stáitse. (Aighneacht Ar Líne)

Maidir leis an imní a bhaineann le measúnú a dhéanamh ar dhrámaíocht trí bhithin na scannánaíochta dóibh siúd ar mian leo taibhiú a dhéanamh, measadh gur mhór an t-achrann a bhain leis sin freisin, toisc go bhfuil scileanna aisteoireachta don amharclann agus do scannáin an-difriúil ar fad.

Tá na cineálacha scileanna a theastaíonn uait chun aisteoireacht a dhéanamh do scannáin an-difriúil agus tú ag aisteoireacht don stáitse. Tugaimid aisteoireacht mhór agus bheag air sin. San amharclann, déanann tú gothaí móra ionas gur féidir leis an lucht féachana é a fheiceáil. Ar scannán, is féidir leis an gceamara zúmáil isteach. Cén chaoi ar féidir leat measúnú a dhéanamh ar thaibhiú na scoláirí ar an stáitse má dhéantar é a scannánú? Cad air a bhfuiltear do do mheas i ndáiríre?

(Scoláire, Fócasghrúpa)

Forbairt Ghairmiúil Leanúnach agus Acmhainní a Chur ar Fáil

Ba é an tacaíocht ba choitianta a sainithníodh mar thacaíocht a bhí riachtanach leis an tsonraíocht a chur i bhfeidhm ná uasoiliúint múinteoirí trí FGL. Go sonrach, cé gur luaigh roinnt mhaith múinteoirí go raibh roinnt eolais nó taithí acu ar dhrámaíocht/amharclannaíocht nó ar scannánaíocht, ní raibh taithí ag a bhformhór ar an dá dhisciplín agus d'admhaigh siad go mbeadh uasoiliúint de dhíth orthu i gceann amháin de na réimsí ar a laghad, nó go deimhin féin sa dá cheann.

Ní mór FGL Leantach Éifeachtach thart ar chleachtóirí, stíleanna, seánraí srl. a chur ar fáil toisc nach mbeifí ar an eolas ar a leithéidí de Stanislavsky, Chekov, Adler, srl. mura ndearnadh staidéar orthu ar an gcoláiste... Ní mór d'oidoírí oilte i réimse na hamharclannaíochta agus na scannánaíochta an FGL sin a éascú le go mbeadh sé go hiomlán éifeachtach. (Suirbhé ar líne)

Aithníodh go raibh raon réimsí rithábhachtach d'fhoghlaim ghairmiúil rathúil, lena n-áirítear:

- Na Tascanna Cruthaitheacha Feidhmeacha a chomhtháthú i dteagasc agus i bhfoghlaim laethúil
- Tacú le tuiscint an mhúinteora ar conas dul i ngleic leis na torthaí foghlama agus na sonraí gaolmhara sa cholún 'foghlaimíonn an scoláire faoi'
- Tacaíochtaí atá bainteach le réimsí sonraithe na foghlama
- Comhtháthú fiúntach na Punainne LDSA.

Ina theannta sin, aithníodh an tábhacht a bhaineann le hacmhainní cuí a chur ar fáil don ábhar seo ionas nach gcuirfí aon scoláire faoi mhíbhuntáiste.

Déantar an próiseas foghlama inrochtana do chách ach a chinntiú go mbíonn rochtain ar líne ag scoláirí ar réimse leathan drámaí, scannán agus scrípteanna. Ligeann sé do scoláirí ó chúilraí socheacnamaíochta éagsúla dul i ngleic le hábhair riachtanacha gan bacainní costais ná geografacha a bheith ann. Tá sé sin thar a bheith tábhachtach i réimse ina bhféadfaí tionchar suntasach a imirt ar thuiscint agus

léirithuiscint scoláire ar na healaíona ach é a nochtadh do shaothair éagsúla.

(Aighneacht ar líne)

Leis na hacmhainní riachtanacha atá ag teastáil chuirfí deis ar fáil don scoláire freastal ar thaibhiú beo amharclannaíochta agus ar thaispeáint scannánaíochta agus do scoileanna an trealamh cuí (crua-earraí agus bogearraí) a fháil; cóipeanna de dhrámaí/scannáin a cheannach agus síntiúis a

fháil le hardáin scannán agus drámaí ar líne agus turais allamuigh a dhéanamh chuig amharclanna/seiteanna scannán áitiúla.

Beidh sé sin an-chostasach. Costas millteanach atá ar bhusanna ar an aimsir seo, go háirithe nuair is scoil tuaithe atá i gceist mar an ceann s'againne. Caithfidimid a bheith cúramach nach gcuirtear aon scoil nó scoláire as an áireamh mar gheall ar shrianta airgeadais. Beidh tacaíocht ag teastáil ó scoileanna chun é seo a mhaoiniú, má táthar ag súil leis go rachaidh na scoláirí chuig an amharclann agus chuig an phictiúrlann uair amháin ar a laghad. (Múinteoir, fócasghrúpa)

Mar aon leis sin, bhí iarratais ann go minic ar acmhainní teagaisc agus foghlama a chuirfeadh le soláthar FGL. Luadh stór digiteach de smaointe, acmhainní agus samplaí ábhartha de Thascanna Cruthaitheacha Feidhmeacha go minic agus mheas roinnt mhaith múinteoirí agus ceannairí scoile go raibh réimse tacaíochtaí i bhfoirm eiseamláirí agus páipéir shamplacha ríthábhachtach freisin.

Chabhródh eiseamláirí agus páipéir shamplacha go mór chun an tsonraíocht a dhéanamh níos soiléire i dtaobh an méid a mbeifí ag súil leis ón scoláire go baileach. Fágann an iomarca téarmaí doiléire nach mbíonn múinteoirí in ann tuiscint cheart a bhaint as a bhfuil i gceist le freagairt láidir ar na measúnuithe. (Suirbhé Ar Líne)

Aon rud eile is mian leat a lua

Ar an iomlán, b'iontach an fuadar a bhí ar dhaoine faoin ábhar agus faoin dréachtsonraíocht. Bhí an-fhonn ar roinnt mhaith de na scoláirí, múinteoirí agus ceannairí scoile a ghlac páirt sa chomhairliúchán staidéar a dhéanamh ar an ábhar nó é a mhúineadh amach anseo.

Mheas na rannpháirtithe go raibh na hagusíní an-chabhrach, agus ba dhearfach an tuairim a bhí ag roinnt mhaith acu maidir leis na sainmhínithe in Aguisín 1: Gluais Téarmaí. Thug roinnt daoine dá n-aire go raibh míniú nó soiléiriú breise ag teastáil i gcás sainmhínithe áirithe, cé gur glacadh go dearfach leis an sainmhíniú ar scéalaíocht in Aguisín 2 agus measadh go raibh sé an-chabhrach.

Cuid 3: Údair Mhachnaimh agus Tátal

Údair Mhachnaimh

Ar an iomlán, glacadh go maith leis an dréachtsonraíocht do Dhrámaíocht, Amharclannaíocht agus Scannánaíocht na hArdteistiméireachta agus bhain an comhairliúchán a chuspóir amach maidir le tús a chur le cur agus cúiteamh ar ghnéithe lárnacha de cheapadh ábhar na Drámaíochta, Amharclannaíochta agus Scannánaíochta.

Fuarthas aiseolas ón gcomhairliúchán a ndéanfaidh an mheitheal forbartha measúnú air le linn dóibh sonraíocht na Drámaíochta, Amharclannaíochta agus Scannánaíochta a chur i gcrích.

Ar na saincheistanna a tarraingíodh anuas lena mbreithniú sa chomhthéacs sin, tá:

- An gá atá le roinnt gnéithe laistigh de na próisis chruthaitheacha agus chriticiúla a shoiléiriú, lena n-áirítear ról an mhachnaimh
- An t-iarratas ar shoiléiriú breise a chur ar fáil i gcás líon beag torthaí foghlama agus cuimsiú na dtorthaí foghlama lena ndírítear ar theagasc follasach scileanna taibhithe agus teicniúla.
- Breithniú ar an ngá atá le rogha scoláirí agus múinteoirí i réimsí sonraithe na foghlama agus léiriúcháin Ghaeilge a chuimsiú
- An chaoi le soiléireacht níos fearr a chur ar fáil maidir leis an CMB, lena n-áirítear an 25 uair an chloig a shanntar chun an chomhpháirt a chur i gcrích; an t-uainiú d'eisiúint na teorach; measúnú ar an drámaíocht agus ionchais na scoláirí le linn dóibh píosaí drámaíochta a tháifeadadh agus iad a chur isteach go digiteach
- An gá le soiléiriú a thabhairt maidir leis an gcaidreamh idir na TCFanna agus an CMB
- Breithniú breise ar roinnt sainmhínithe in Aguisín 1: Gluais Téarmaí.

Tátal

Tugadh neart faisnéise sa phróiseas comhairliúcháin. Aithnítear rannpháirtíocht a ghlac páirt sa comhairliúchán agus tá CNCM buíoch as an aiseolas oscailte, ionraic, tiomanta, bunaithe, sainiúil agus bunaithe ar thaithí Léirítear san aiseolas ón gcomhairliúchán go bhfuil dearthaí an-dearfacha ar an dréachtsonraíocht, ach ag an am céanna, aithnítear gur rithábachtach iad foghlaim ghairmiúil, tacaíochtaí agus acmhainní le haghaidh cur i bhfeidhm rathúil. Aithnítear an leibhéal mór ionchuir leis an gcomhairliúchán agus léiríonn an fhreagairt dhearfach ó mhúinteoirí, scoláirí agus ceannairí scoile dóchas agus fuadar faoi thabhairt isteach an ábhair nua seo atá bunaithe ar na healaíona.

Tagairtí

An Roinn Oideachais (2022) *Fógraíonn an tAire Foley plean le haghaidh athchóiriú oideachas na Sraithe Sinsearaí - Cothromas agus Sármhaitheas do Chách* ar fáil [https://www.gov.ie/ga/preasraitis/fograionn-an-taire-foley-plean-le-haghaidh-athchoiriui-oideachas-na-sraithe-sinsearai-cothromas-agus-sarmhaitheas-do-chach/?](https://www.gov.ie/ga/preasraitis/fograionn-an-taire-foley-plean-le-haghaidh-athchoiriui-oideachas-na-sraithe-sinsearai-cothromas-agus-sarmhaitheas-do-chach/) [arna rochtain ar an 2 Bealtaine 2024]

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta, CNCM. (2023) *Beartas Cosanta Sonraí, Baile Átha Cliath, CNCM* [ar líne] ar fáil https://ncca.ie/media/dj4fyqfx/ncca-data-protection-policy_2023.pdf [arna rochtain ar an 3 Feabhra 2024]

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta, CNCM. (2023) *Straitéis Taighde, Baile Átha Cliath, CNCM* [ar líne] ar fáil <https://ncca.ie/ga/resources/straiteis-taighde-2023-2026/> [arna rochtain ar an 3 Bealtaine 2024]

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta, CNCM. (2022) *Tuarascáil Chomhairleach na Sraithe Sinsearaí, Baile Átha Cliath, CNCM* [ar líne] ar fáil ar https://ncca.ie/media/5399/scr-advisory-report_en.pdf [arna rochtain ar an 2 Bealtaine 2024]

Aguisín a hAon: Liosta na Rannpháirtithe

Cuallacht Cheolchumainn na hÉireann

Conradh na Gaeilge

Disappear Here Film Festival

An Dr Kate McCauley don fhoireann um Dhrámaíocht san Oideachas i Scoil an Oideachais Ealaíon agus na Gluaiseachta ag Campas Choláiste Phádraig, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath

Fíbín Teoranta

Cumann Forbartha Oideachas na hÉireann (IDEA)

Institiúid Scannán na hÉireann

Just Forests

Coláiste Pobail Mhungairit

Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí (NPC)

Nerve Centre

Scoil an Chroí Rónaofa, Tulach Mhór, Co. Uíbh Fhailí

Scoil an Oideachais, Ollscoil na Gaillimhe

Léiritheoirí Scáileáin na hÉireann (SPI)


An Chomhairle Ealaíon

Acadamh Lir, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath

An Cumann um Oideachas Drámaíochta in Éirinn

Roinn an Bhéarla i Scoil Ag Foghlaim le Chéile (Scoil gan aithint)

WorldWise Global Schools (Clár Chúnamh Éireann um Oideachas Saoránachta Domhanda)



NCCA

An Chomhairle Náisiúnta
Curaclaim agus Measúnachta
National Council for
Curriculum and Assessment